2027.M121S2T

2027L572G1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / / Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | **Ceisteanna Éigeantacha** | 100 marc |
| | Ceist 1 - Freagair gach cuid den cheist. | |
| | Ceist 2 - Fócas staidéir roghnach - Freagair gach cuid den cheist. | |
| **Roinn B** | **An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh** | 160 marc |
| | Ceist 3 - Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais - Freagair 3(a) nó 3(b). | |
| | Ceist 4 - Scannánaíocht Dualgais - Freagair 4(a) nó 4(b). | |
| **Roinn C** | **Machnamh agus Freagairt** | 40 marc |
| | Ceist 5 - Freagair 5(a) nó 5(b). | |

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Féadfaidh sé nach mbeidh ort úsáid a bhaint as an spás go léir atá curtha ar fáil. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

**Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid, pionsail dathadóireachta san áireamh, ach amháin le haghaidh sceitsí nó líníochtaí. Ná húsáid marcóirí, péint ná aon mheáin fhliucha.**

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Ceisteanna Éigeantacha | 100 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(60 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

**(a)**



**Fíor A.** Bram Stoker's *Dracula*, Columbia Pictures, 1992.

Déan staidéar ar an íomhá shocair i bh**Fíor A.** Is íomhá í ina bhfuil an soilsiú agus na scáthanna géara ar na gnéithe is suntasaí den radharc.

**(i)** Ainmnigh éifeacht soilsithe **amháin** atá in úsáid i bh**Fíor A**.

**(ii)** Cén tslí a ndéanfaí an éifeacht soilsithe sin a athchruthú? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat do **dhá** shampla as an íomhá.

| (i) |
|---|

| (ii) |
|---|
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)**

Mínigh **trí** cinn ar bith de na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann siad leis an scannánaíocht nó leis an amharclannaíocht:

| **Téarma** | **Míniú** |
|---|---|
| Radharc | |
| | |
| | |
| Seánra | |
| | |
| | |
| Cóireáil | |
| | |
| | |
| Scannán/léiriú suaimhneach | |
| | |
| | |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)**

Cuir i gcás gur stiúrthóir amharclannaíochta thú agus gur mian leat coimhlint idir bheirt charachtar a léiriú ar an stáitse le blocáil.

**(i)** Céard is brí leis an téarma blocáil?

**(ii)** Cén tslí a n-úsáidfeá an bhlocáil chun an choimhlint idir beirt charachtar a léiriú go físiúil ar an stáitse?

**(iii)** Cad ba chóir do stiúrthóir a chur san áireamh nuair a bhíonn blocáil ar siúl?

| (i) |
|---|
| |
| |
| |

| (ii) |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| (iii) |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)**

Tá tú ag obair ar scannán ina bhfuil carachtar ina sheasamh ina aonar i gcaolsráid dhorcha, agus solas sráide amháin ag soilsiú air ...

**(i)** Bain úsáid as an scéalchlár thíos le breac-chuntas a thabhairt ar an tslí a gcruthófá teannas sa radharc seo.

**(ii)** Mínigh an tslí a gcruthaítear teannas i do scéalchlár.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(e)**

Sainaithin **trí** fhreagracht éagsúla a bhíonn ar bhainisteoir stáitse.

| |
|---|
| 1: |
| |
| 2: |
| |
| 3: |
| |

**(f)**

Is éard is iardhearcadh ann ná aistriú i scéal chuig am roimhe sin, rud a chuireann isteach ar ghnáthord croineolaíoch na n-imeachtaí.

Cén fáth a n-úsáidtear iardhearcthaí sa scannánaíocht/amharclannaíocht?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 2** **Fócas staidéir roghnach** **(40 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

| |
|---|
| Tabhair do d'aire:<br>Ar mhaithe leis an measúnú i g**Ceist 2**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha roghnacha a ndéantar staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.<br>**Agus tú ag freagairt na ceiste seo, ní ceadmhach tagairt do dhrámaí ná do scannáin dualgais a bhfuil staidéar agus scrúdú le déanamh orthu in 2027 san ábhar seo ná in aon ábhar eile san Ardteistiméireacht.**<br>Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith. |

**(a)** **Drámaíocht/amharclannaíocht roghnach**

Cuir d'fhócas staidéir roghnach sa drámaíocht/san amharclannaíocht in iúl.
Sainaithin saintréith **amháin** a bhaineann leis an bhfócas staidéir seo a cheapann tú a bhí tarraingteach **agus** mínigh an fáth ar cheap tú go raibh sí tarraingteach. Bíodh samplaí agat as léiriú, radharc nó sliocht **amháin** ar a laghad as d'fhócas staidéir roghnach a ndearna tú iniúchadh air chun tacú le do mhíniú.

| |
|---|
| Fócas staidéir roghnach sa drámaíocht/san amharclannaíocht: |
| |
| Saintréith: |
| |
| |
| Míniú agus Samplaí: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** **Scannánaíocht roghnach**

Cuir in iúl cén fócas staidéir roghnach atá agat sa scannánaíocht in iúl. Ainmnigh saintréith **amháin** a bhaineann leis an bhfócas staidéir seo a cheapann tú a bhí tarraingteach **agus** mínigh an fáth ar cheap tú go raibh sí tarraingteach. Bíodh samplaí agat as gearrthóg nó as sliocht **amháin** ar a laghad as d'fhócas staidéir roghnach a ndearna tú iniúchadh air chun tacú le do fhreagra.

| |
|---|
| Fócas staidéir sa scannánaíocht roghnach: |
| |
| Saintréith: |
| |
| |
| Míniú agus Samplaí: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

| Roinn B | An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh | 160 marc |
|---|---|---|

Freagair **Ceist 3** Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais, agus **Ceist 4** Scannánaíocht Dualgais.

Tabhair do d'aire:

Ar mhaithe leis an measúnú i **Roinn B**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha dualgais a ndearnadh tú staidéar orthu.

Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith.

**Ceist 3** **Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Freagair cuid (i) **agus** (ii). **(80 marc)**

Scrúdaigh an íomhá shocair i bh**Fíor B1** nó i bh**Fíor B2** nó i bh**Fíor B3** ar Pháipéar X a bhaineann le d'fhócas staidéir sa drámaíocht/san amharclannaíocht dualgais.

**(i)** Ainmnigh d'fhócas staidéir sa drámaíocht/san amharclannaíocht dualgais. Déan plé ar an idirghníomhaíocht idir **beirt** charachtar ar a laghad san íomhá chuí, bunaithe ar an úsáid a bhaineann na haisteoirí as gluaiseachtaí/feasacht ar spásúlacht **agus** as gothaí.

**(ii)** Déan plé ar an idirghníomhaíocht idir an bheirt charachtar céanna **nó** idir beirt charachtar eile ag pointe eile sa dráma dualgais, bunaithe ar an úsáid a bhaineann na haisteoirí as gluaiseachtaí/feasacht ar spásúlacht **agus** as gothaí.

**NÓ**

**(b)** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas: (i) **nó** (ii) **nó** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Dráma Dualgais: *Mosquitoes* le Lucy Kirkwood, arna stiúradh ag Rufus Norris don National Theatre.

Déan cur síos ar **dhá** theicníc a d'úsáidfeá agus tú ag stiúradh píosa amharclannaíochta lena mbaineann 'stáitsiú nach bhfuil chun tosaigh' **agus** mínigh na fáthanna a n-úsáidfeá gach ceann acu. Bíodh tagairt agat don léiriú ainmnithe de *Mosquitoes* agus do radharc nó do shliocht **amháin** as léiriú eile as an bhfócas staidéir seo chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(ii)** Dráma Dualgais: *The Shadow of a Gunman* le Seán O'Casey, arna stiúradh ag Garry Hynes do Druid.

Déan cur síos ar **dhá** theicníc a d'úsáidfeá agus tú ag stiúradh greanntraigéide don amharclann **agus** mínigh na fáthanna a n-úsáidfeá gach ceann acu. Bíodh tagairt agat don léiriú ainmnithe de *The Shadow of a Gunman* agus do radharc nó do shliocht **amháin** as léiriú eile as an bhfócas staidéir seo chun tacú le do fhreagra.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**NÓ**

**(iii)** Dráma Dualgais: *Tóraíocht* le Philip Doherty, arna stiúradh ag Mikel Murfi do Fíbín sa Taibhdhearc.

Déan cur síos ar **dhá** theicníc a d'úsáidfeá agus tú ag stiúradh píosa amharclannaíochta a úsáideann 'gnéithe léiriúcháin neamhnádúraíocha' **agus** mínigh na fáthanna a n-úsáidfeá gach ceann acu.  Bíodh tagairt agat don léiriú ainmnithe de *Tóraíocht* agus do radharc nó do shliocht **amháin** as léiriú eile as an bhfócas staidéir seo chun tacú le do fhreagra.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

Ná scríobh ar an leathanach seo.

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 4** **Scannánaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(80 marc)**

Scrúdaigh an íomhá shocair i bh**Fíor C1** nó i bh**Fíor C2** nó i bh**Fíor C3** ar Pháipéar X a bhaineann le d'fhócas staidéir sa scannánaíocht dualgais.

Ainmnigh d'fhócas staidéir sa scannánaíocht dualgais. Mínigh an ról atá ag prapaí **agus** ag feistis sa scannán ainmnithe. Bíodh sampla **amháin** agat as an radharc atá á léiriú san íomhá shocair chuí **agus** sampla **amháin** as pointe eile sa scannán.
Ní mór sampla amháin a bheith agat as an íomhá shocair chuí le haghaidh na bprapaí **agus** sampla amháin le haghaidh an fheistis. Ní mór sampla amháin a bheith agat le haghaidh na bprapaí **agus** sampla amháin le haghaidh an fheistis ag an bpointe eile sa scannán freisin.

**NÓ**

**(b)** **(80 marc)**

An aontaíonn tú go n-úsáidtear an suíomh go héifeachtach chun an cás a chur i láthair sa scannán dualgais a ndearna tú staidéar air? Mínigh do fhreagra le **dhá** shampla as an scannán dualgais agus le sampla **amháin** as scannán eile san fhócas staidéir seo.

Bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas i do fhreagra ar an gceist seo:

**(i)** Fócas staidéir: **Stíl** - Stíl stiúrthóireachta Steven Spielberg
Scannán**:** *Jaws*

**NÓ**

**(ii)** Fócas staidéir: **Seánra** - Cineama Ealaíne na hEorpa
Scannán**:** *An Cailín Ciúin*

**NÓ**

**(iii)** Fócas staidéir: **Seánra** - Rómáns
Scannán**:** *Past Lives*.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

| **Roinn C** | **Machnamh agus Freagairt** | **40 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 5**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(40 marc)**

Ainmnigh léiriú amharclannaíochta beo **nó** taispeántas scannáin i bpictiúrlann a chonaic tú le linn do chuid staidéir ar an Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht, **agus** déan cur síos ar an méid a cheap tú den léiriú bunaithe ar **dhá** cheann de na nithe seo a leanas:

- solas
- cóiréagrafaíocht
- prapaí
- feistis
- léiriú duine de na haisteoirí.

| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cad iad na nithe díobh seo atá i gceist i do fhreagra.<br>solas ☐ cóiréagrafaíocht ☐ prapaí ☐ feistis ☐ aisteoir ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**NÓ**

**(b)** Freagair cuid (i) **agus** (ii). **(40 marc)**

Déan machnamh ar an gcuairt a thug tú ar an amharclann le linn do chuid staidéir ar an Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht.

Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an gcuairt sin:

**(i)** Cuir in iúl cén léiriú ar fhreastail tú air agus tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis ar mhaith leat **nó** nár mhaith leat freastal ar a thuilleadh léirithe amharclannaíochta beo, bunaithe ar an méid ar cheap tú den léiriú a chonaic tú.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(ii)** Cuir i gcás gur tusa stiúrthóir an léirithe ar fhreastail tú air.
Sainaithin iúl **dhá** athrú a dhéanfá ar an léiriú **agus** mínigh an fáth a ndéanfá na hathruithe sin.

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

## Spás le haghaidh obair gharbh

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Admhálacha

C1(a). **Fíor A**: Íomhá as Bram Stoker's *Dracula*, Columbia Pictures, 13 Samhain 1992 (Stáit Aontaithe Mheiriceá)
C1(d). www.vocabulary.com.
C3(a). **Fíor B1**: Íomhá as *Mosquitoes*, National Theatre Live, 2017 (drámadóir Lucy Kirkwood, stiúrthóir Rufus Norris);
**Fíor B2**: Íomhá as *The Shadow of a Gunman*, Druid, 2023 (drámadóir Seán O'Casey, stiúrthóir Garry Hynes);
**Fíor B3:** Íomhá as *Tóraíocht*, Fíbín sa Taibhdhearc, 2018 (drámadóir: Philip Doherty, stiúrthóir: Mikel Murfi).
C4(a). **Fíor C1**: Íomhá as *Jaws*, © 1975, Universal Pictures Inc. Gach ceart ar cosaint;
**Fíor C2:** Íomhá as *An Cailín Ciúin*, © 2022, Break Out Pictures;
**Fíor C3**: Íomhá as *Past Lives* © 2022, Twenty Years Rights LLC. Gach ceart ar cosaint.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad